2024/2888

19.11.2024

CINNEADH (AE) 2024/2888 ÓN gCOMHAIRLE

an 5 Samhain 2024

maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 113 i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (b), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá torthaí an-dearfacha ar an gcreat comhair faoin gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha ([2]) ('Comhaontú 2018').

(2) Le Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle, arna leasú le Rialachán (AE) 2018/1541 ón gComhairle ([3]), tugadh isteach uirlisí nua comhair riaracháin i reachtaíocht an Aontais.

(3) Dá bhrí sin, is gá Comhaontú 2018 a leasú chun uirlisí comhair nua leis an Iorua a sholáthar do na Ballstáit.

(4) Léirítear go cuí i dtéacs an leasaithe ar an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha ('an Comhaontú'), atá mar thoradh ar an gcaibidlíocht, na treoracha caibidlíochta a d'eisigh an Chomhairle.

(5) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2024/767 ón gComhairle ([4]) , síníodh an Comhaontú an 2 Deireadh Fómhair 2024, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(6) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]).

(7) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha ('an Comhaontú'), a fhormheas thar ceann an Aontais ([6]).

([1]) Tuairim an 10 Aibreán 2024 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
([2]) IO L 195, 1.8.2018, lch. 3.
([3]) Rialachán (AE) 2018/1541 ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 904/2010 agus (AE) 2017/2454 a mhéid a bhaineann le bearta chun comhar riaracháin i réimse na cánach breisluacha a neartú (IO L 259, 16.10.2018, lch. 1).
([4]) Cinneadh (AE) 2024/767 ón gComhairle an 20 Feabhra 2024 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha (IO L, 2024/767, 28.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/767/oj).
([5]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).
([6]) Foilsíodh téacs an leasaithe ar an gComhaontú in IO L, 2024/2889, 19.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2024/2889/oj.

Airteagal 2

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 2 den Chomhaontú ([7]).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Samhain 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

VARGA M.

([7]) Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.